

Turnamh dóchais díoth muirne

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 121]

Fearghal Óg Mac an Bhaird .cct.

1 Turnamh dóchais díoth muirne,
muirn docar i ndíothainmne;
lór do chládh uabhair tar ais
is uamhain dál an dóchais.

2 Sealg thorthach níor tuirmheadh dhí
an chú cuirthear i neimhní;
muna rabh anáir ar each
ní gar a fhagháil uaibhreach.

3 An treabhadh ar nac téid leas
ní hé trá as taosga gheineas;
gort gan fhál is é ar slighidh
dá mbé slán ní saoilfidhir.

4 Saidhbhreas díomhaoín do dhuine
innile gan aoghaire;
ní fhuil tarbha 'n-a dtairthibh
abhla cuir nach cumhdaighthir.

5 Gabháil fa chuirm go gcuirthir
a hibhe ní horduighthir;
bídh gríos an ghuail gan ghoradh
an uair bhíos gan bheathoghadh.

6 Baramhail damh-sa is dom dhán
a ndubart - dia do chlaochládh;
cnú fholam nó each gan srian
neach nó domhan fa dhímhiadh.

7 Ní théighim mar badh díor dham
tar ollamh ná tar ánradh
- sé 'n-a chréachtghoin im chroidhe -
éantroigh re ré Rudhroidhe.

8 Náir dhúinn - 's ní dúinn as ranáir -
mo sgol más iad m'uachtaráin
tre ghoinmh míleadh Mhuighe Fhloinn
gach duine ag síneadh seachoinn.

9 Ós chionn éigeas fhear nUladh
teacht san tuighnigh ollamhan
ní thig díom, gidh dainimh dhún,

síon im aighidh ag iompúdh.

10 Do mheas éirghe amhlaidh soin
os chionn airdríogh fhear ndomhain
Poimp mearchalma fa mó seadh
gér neamhtharbha dhó a dheireadh.

11 Ag Séasar na siorthadh mbras,
ag Poimp Máighe is ag Marcas
do bhí an cruinne ó mhuir go muir;
ní rí duine gan dúthaigh.

12 Riasan dá áirsidh oile
Marcas Cras ceann sochuidhe
- iul re bhfaghar gach fádh fis -
do ládh an talamh thairis.

13 Fan treas rann don talmhain tais
do éirigh ar n-éag Marcais
fíoch an dá ursan oile;
dursan críoch a gcéalmhoine.

14 Poimp agus Séasar sluaighmhear
do chuireadar combuaidhreadh
i ngach leith don chruinne ché
do bhreith an uile fhínné.

15 An cath cathardha do chuir
dá uaitne theanna an talaimh
do b'é críochrún a gcagaidh
dé ón fhíochrún do adhnadair.

16 “Uch! gan mé” ar Poimp “ós chionn cháigh
dom fhaicsin d'fhearaibh domhnáin”
glóir na flatha fhuair umhla
uair an chatha chathardha.

17 Bheith uiríseal 'n-a dhiaidh sain
gairid d'aimsir gur orduigh;
do radadh fatha déar dhó
a shéan catha do chlaochlódh.

18 Mé an Poimp dá dtarla an tuisle,
an t-larla is sé an Séasair-se,
ar bhfearg rer-oile is é an cath
gomadh hé ar gcroidhe an caomhthach.

19 Mar Phoimp Maighe ag teacht san treas,
bheith céim ós chionn na n-éigeas

do bhí uair 's do aontaigh mé;
claontair gach uail dá háirde.

20 Mar Phoimp a-rís d'aithle an áir,
bheith íseal - anba an diombáigh -
dar m'éig-se do ba lór linn,
ór ar m'éigse ó nach aithnim.

21 Ó tá an maidhm oruinn badh-éin
aontuighim tre Ua saoirNéill
beith fa oideadhaibh Craoi Chuinn;
faoi ní hoideamhail m'urruim.

22 Tuir fhuluing fhola Dálaigh
ní fiu dá méin mórdhálaigh
- ní hé an doigh nach dursan linn -
a bhfuil d'osnadh im intinn.

23 Náir dói-séin agus damh-sa
a bhfuil d'anaoibh oram-sa
ar dheoradhacht - dáil nar dhligh -
i n-Eoghanacht Cláir Chaisil.

24 Dá gcuireadh díoth toice treall
ollamh flatha ar fud Éireann
ní cóir dhó ar a dhán diomdha;
dá mhó a thár dá thighearna.

25 Do dhearbh sé seanfhocal cáigh
- do léig an t-larla ar n-anáir
uile fa lár as a los -
“ní fádhdh duine 'n-a dhúthchas.”

26 Iarla Ó gConaill, slí re saoidh,
ní fhuil fáth ag a anaobh;
im dhán níor dheargas duine
do Chlár leargglas Laoghaire.

27 Ar airdríoghaibh Inse Néill
a ndearnadar do dhíthchéill
ar maithe trá druim ar druim
a-tá dá aithe oruinn.

28 [Cuirm Éingrinde] is an t-each geal,
súil Eochaidh, ainne Laighean,
- ní théid mo sheise ríogh róm -
mei-se dá dhíol 'n-a dhobrón.

29 Shleagh na Con, 's an Chearc Bhoirche,

flaitheas Banbha beannfhoirbhte
rug sé don dul-sa ar a ndíol
an té as ursa don imshníomh.

30 A-tá uabhar m'aicme féin
ar chloinn Chonail mheic mhóirNéill
fa phosd ríoghshluaigh fola Floinn
dá shíorbhuain uile asuinn.

31 Groighe is táinte clann gConuill
tús is earr an uraghuill
- fa-ríor níor haltoigheadh liom -
im ghortoirear ríogh Raoilíonn.

32 Ag íoc na muirne nach mé
fhuair ó phór chaithreach claoinTé
a-tá sé ag crádh mo chroidhe
mar táim re ré Rudhroidhe.

33 Buain a dhúthchais do dhuine
ní breath ríogh do Rudhroidhe;
is liom-sa a chogar ó chiort
ionnsa m'obadh óm oidhreacht.

34 Go buan is fearr an fonn-sa;
ní hé a-tá d'fheidhm oram-sa
muirn mar shriobh tuile ag toigheacht
ná cion duine ar deoroidheacht.

35 Mac éachtach Aodha Í Dhomhnaill
Ua Séamuis, tuir treasfhorlainn,
mo rí go rabh ar mo shon;
ná tí a thal ar mo thurnamh. Turnam.